M 86T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

## LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL
**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as **ceann ar bith** de na trí ghrúpa.

- Tá aon chéad marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif atá ag teastáil chun ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte **X**.

## Grúpa I: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) "A Mhuintir Sparta, níor smaoinigh sibh riamh ar cén sórt fear iad lucht na hAithne seo a mbeidh oraibh troid ina n-aghaidh, agus ar cé chomh difriúil libhse atá siad."

(Tuicididéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

Is mar sin a chuireann na Coraintigh tús lena n-iarracht chun a áiteamh ar na Spartaigh cogadh a chur ar mhuintir na hAithne.

(a) Conas a leanann na Coraintigh ar aghaidh ag cur síos ar mhuintir na hAithne? (25)

(b) De réir na gCorainteach, cad iad na bealaí ina bhfuil na Spartaigh difriúil le muintir na hAithne? (25)

(ii) (a) Conas a tharla go raibh na Spartaigh dealaithe amach ar oileán Sphacteria? (20)

(b) Cén éifeacht a bhí ag an tine ar an oileán? (15)

(c) Cad a thug ar na Spartaigh a bhí ar an oileán géilleadh sa deireadh? (15)

(iii) Comhaontaíodh Síocháin Nicias idir an Aithin agus Sparta in 421 B.C.

(a) Cén fáth go raibh Sparta agus an Aithin araon sásta síocháin a dhéanamh ag an am sin? (35)

(b) Cérbh iad príomhthéarmaí Shíocháin Nicias? (15)

(iv) Ciorraíodh na Hermae san Aithin díreach sular sheol an tSluaíocht chun na Sicile.

(a) Cérbh iad na Hermae? (15)

(b) Taispeáin conas mar thoradh ar chiorrú na Hermae gur fhág Alcaibiaidéas an tSluaíocht chun na Sicile. (35)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) Bhain Alastar a chéad chraobh san Áise ag Cath Granicus.

(a) Déan cur síos ar láthair an chatha. (15)

(b) Tabhair cuntas ar an gcath. (25)

(c) Conas a thug Alastar onóir do na Macadónaigh a maraíodh? (10)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Philotas; Hephaestion; Porus. (50)

(iii) Ba ghráin le hAlastar go gcuirfeadh duine ina aghaidh agus bhí meon teasaí aige.

Pléigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do roinnt de na himeachtaí i saol Alastair. (50)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar loscadh Phálás ríthe na Peirse ag Peirsipilis. (40)

(b) Cad is dóigh leat faoi iompraíocht Alastair sa ghnó sin? (10)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cursaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) "Ar an ócáid sin, bhí Clodius fós gan féasóg agus shíl sé i ngeall air sin nach dtabharfaí faoi deara é. Ghléas sé é féin mar bhan-fhliúiteadóir agus bhí sé ag breathnú díreach cosúil le bean óg ar shroiceadh an teach dó." (Plútarc, *Beatha Chaesar*)

(a) Tabhair cuntas ar cad a tharla tar éis go ndeachaigh Clodius isteach sa teach. (40)

(b) Déan cur síos ar conas a fuair Clodius bás roinnt blianta i ndiaidh na heachtra sin. (10)

(ii) Sa sliocht *Conas Teacht ar an Socrú Ceart,* áitíonn Cicéaro nach féidir leis a bheith ceart riamh go ndéanfaí dochar do dhuine eile ar mhaithe leat féin.

(a) Tabhair cuntas ar chás an bhaincéara ó Syracuse darbh ainm Pythius a chuir an dallamullóg ar an bhfear uasal Rómhánach Canius ar theastaigh uaidh teach a cheannach. (40)

(b) Cén tuairim atá ag Cicéaro maidir le hiompraíocht Pythius? (10)

(iii) (a) Sa chéad ionradh a rinne sé ar an mBreatain, cérbh iad na fadhbanna a bhí ag Caesar agus é ag iarraidh a chuid saighdiúirí a chur i dtír? (15)

(b) Tabhair cuntas ar chrógacht an fhir a d'iompair Iolar an Deichiú Briogáid tar éis dul i dtír dóibh. (25)

(c) Roinnt laethanta ina dhiaidh sin, cén tubaiste a tharla do na Rómhánaigh i ngeall ar an easpa eolais a bhí acu ar na taoidí Atlantacha? (10)

(iv) (a) Rianaigh na himeachtaí a tharla ón uair a chuala Cicéaro go raibh fir Mharcais Antoine ag teacht chun é a mharú go dtí gur mharaigh siad é. (40)

(b) Cén tuairim atá agat faoin gcaoi a bhfuair Cicéaro bás? (10)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) Cad iad na bearta a rinne Ágastas chun na Rómhánaigh a spreagadh le pósadh agus le clanna móra a bheith acu? (35)

(b) Cén fáth ar theastaigh ó Ágastas go bpósfadh na Rómhánaigh agus go mbeadh clanna móra acu? (15)

(ii) Scríobh nóta ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:

Cléapatra; Germanicus; Julia (iníon le Ágastas). (50)

(iii) Le linn réimeas Ágastais, bheartaigh Tibéirias go tobann dul ar scor go dtí oileán Ródas.

(a) De réir Suétonius, cén fáth ar bheartaigh Tibéirias an Róimh a fhágáil ag an am sin? (35)

(b) Cén fáth ar tháinig Tibéirias ar ais go dtí an Róimh faoi dheireadh? (15)

(iv) Cén tuairim atá agat maidir leis an sórt duine a bhí i dTibéirias? Déan tagairt i do fhreagra d'imeachtaí ina shaol. (50)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) Sa dráma le Sófaicléas', *Eidéapus Rí*, cén rud a raibh *Eidéapus* ag teitheadh uaidh nuair a tháinig sé go dtí an áit "a dtagann trí bhóthar le chéile"? (25)

(b) Déan cur síos ar an troid a thosaigh idir Eidéapus agus iad siúd a bhuail leis ar an mbóthar? (25)

(ii) "Buailfidh mé buille an bháis inniu ar thriúr de mo naimhde: Athair agus iníon; agus m'fhear céile." (Eoiripidéas, *Méidia*)

(a) Ainmnigh an triúr atá luaite ag Méidia thuas . (10)

(b) Cén fáth gur fearr le Méidia nimh a úsáid seachas scian nó tine? (15)

(c) Sa deireadh, maraíonn Méidia ceathrar duine. Cén fáth, dar leat, a n-athraíonn sí a hintinn maidir leo siúd a mharóidh sí agus leo siúd a ligfidh sí dóibh maireachtáil? (25)

(iii) (a) Sa chéad agallamh a bhíonn acu, conas a fhreagraíonn Iasón Méidia nuair a deir sí nach mbeadh a bheatha ná a cháil aige murach í? (15)

(b) "Léireoidh mé duit gur bhain stuaim le mo ghníomh,
gan é bheith faoi smacht ag an bpaisean,
agus é dírithe ar do leas agus ar leas mo pháistí."
(Eoiripidéas, *Méidia*)

Conas a mhíníonn Iasón ina dhiaidh sin a chuid cúiseanna le hiníon an rí a phósadh? (20)

(c) Cérbh é tuairim Iasón maidir leis na mná? (15)

(iv) Sa dráma le Sófaicléas, *Eidéapus Rí*, déan cur síos ar cad a tharla sa phálás nuair a réab Eidéapus isteach tar éis dó an t-eolas a fháil go raibh a athair maraithe aige agus a mháthair pósta aige. (50)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) Ón uair a bheartaigh Díodó í féin a mharú, cérbh iad na hullmhúcháin a rinne sí don fhéinmharú? (20)

(b) Cérbh iad na hearraí a chuir sí ar bhreocharn a sochraide? (10)

(c) Déan cur síos go hachomair ar nóiméid dhéanacha Dhíodó. (20)

(ii) San *Odaisé* le Hóiméar, chaith Odaiséas seacht mbliana ar oileán Calapsó.

(a) Cá bhfios dúinn nach raibh Odaiséas sona sásta ann? (15)

(b) Cad a thug ar Calapsó cead imeachta a thabhairt dó? (15)

(c) Tabhair cuntas ar thuras Odaiséais ó oileán Calapsó go dtí tír na Faeidhicigh (Phaeacia). (20)

(iii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, cad a bhí ar Odaiséas a dhéanamh sula raibh sé in ann labhairt leis na mairbh sa Domhan Íochtarach? (10)

(b) Déan cur síos, ar an gcruinniú a bhí ag Odaiséas lena mháthair, Anticleia, sa Domhan Íochtarach. (15)

(c) Cad a d'inis an fáidh dall, Tiresis, d'Odaiséas maidir le cad a bhí i ndán dó? (25)

(iv) I Leabhar 5 den *Aeinéid* le Veirgil, chuir Aeinéas cluichí sochraide ar siúl . Bhí comórtais rámhaíochta, reatha, dornálaíochta agus boghdóireachta ann. Tabhair cuntas ar **dhá cheann ar bith** de na himeachtaí sin. (50)

---

**Topic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Agastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist)

(i) (a) Sa dán leis, *An Leadránaí*, cad iad na hiarrachtaí a rinne Hórait éaló ón leadránaí? (35)

(b) Ón méid eolais atá agat ar an dán, *An Leadránaí*, abair cén sórt duine is dóigh leat a bhí in Hórait? (15)

(ii) "I dtosach báire, a deirtear, bhí caint ann faoi na consail a mharú." (Livias, *An Réamhrá*).

(a) In ionad na consail a mharú, cad a rinne na pleibigh mar agóid? (15)

(b) Cén scéal a d'inis Menenius Agrippa do na pleibigh? (20)

(c) Cérbh é brí an scéil? (15)

(iii) (a) Sa dán le Veirgil, *An Domhain Iochtarach*, cérbh iad na harrachtaigh diamhra agus scanrúla a bhuail le hAeinéas agus an tSibéal agus iad ar a mbealach go dtí abhainn na Stiocs? (20)

(b) Déan cur síos ar an bhfarantóir, Charon. (15)

(c) Cén fáth go nglacann Charon le hanamnacha áirithe agus go ndiúltaíonn sé d'anamnacha eile? (15)

(iv) Ón léamh atá déanta agat ar dhánta Propertius, an aontófá go mba leannán éadmhar agus paiseanta é? (50)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** teampall Héire ag Paestum.

(a) Cén t-ord ailtireachta de chuid na Gréige lena mbaineann an teampall seo? (10)

(b) Cén ré ailtireachta de chuid na Gréige lena mbaineann sé? (10)

(c) Sainaithin na gnéithe a thaispeántar ag *a*, *b*, *c* agus *d* (30)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf B** ar **Pháipéar X.**

(a) Sainaithin an fhíor baineann atá i lár an phictiúir. (10)

(b) Cá bhfuil an fhíor seo le fáil ar an teampall? (10)

(c) Cén fhianaise atá ann a léiríonn go mbaineann an dealbh seo leis an Ré Ársa Luath? (30)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** marcach as fríos an Phartanóin.

(a) Cá bhfuil an fríos suite ar an bPartanón? (10)

(b) Cén imeacht a léirítear ar an bhfríos seo? (15)

(c) Conas a d'éirigh leis an dealbhóir éagsúlacht a bhaint amach sa chuid den fhríos atá léirithe i **bhFótagraf C**? (25)

(iv) (a) Sainaithin na déithe a léirítear i **bhFótagraf D** ar **Pháipéar X.** (15)

(b) Ainmnigh an dealbhóir. (5)

(c) Déan trácht ar staidiúir na príomhfhíorach. (20)

(d) Déan trácht ar dhreach aghaidh na príomhfhíorach. (10)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) "Is éard a bheadh sa stát is lú ná ceathrar nó cúigear fear." (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Cé hiad an "ceathrar nó cúigear fear" a bhfuil tagairt dóibh thuas? (15)

(b) Cén fáth gur mheas Sócraitéas go raibh gá leo? (15)

(c) Conas a lean Sócraitéas ar aghaidh le léiriú go dtiocfadh méadú go cinnte ar an íosmhéid de cheathrar nó cúigear fear? (20)

(ii) "Leis an fhírinne a rá, Cephalus," a dúirt mé, bainim taitneamh as bheith ag caint le fir atá an-sean. An uair sa bheatha é atá deacair nó nach ea?" (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Cén freagra a thugann Cephalus ar an gceist seo le Sócraitéas? (30)

(b) De réir Cephalus, conas a chuidíonn sé le fear ina sheanaois é a bheith saibhir? (20)

(iii) (a) Cad iad na rialacha bia agus dí a leagann Sócraitéas síos d'fhir óga? (30)

(b) De réir Sócraitéas cad iad na contúirtí a bhaineann le tú féin a thabhairt suas d'aclaíocht fhisiceach fhuinniúil gan spéiseanna intleachtúla ar bith a bheith agat? (20)

(iv) "Cuir i gcás go raibh fear i gceannas ar ainmhí mór láidir agus go raibh staidéar déanta aige ar a chuid fonn agus riachtanas." (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Conas a leanann Sócraitéas ar aghaidh le cur síos a dhéanamh ar an tsamhail seo? (35)

(b) Conas a úsáideann sé an tsamhail seo chun locht a fháil ar an daonlathas? (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** seomra i dteach Rómhánach (*domus*).

(a) Ainmnigh an seomra agus déan cur síos air. (15)

(b) Déan cur síos ar phlean foriomlán an *domus*, agus cuir ainm ar na príomhachair. (Is féidir leat an plean a tharraingt chun do fhreagra a léiriú.) (20)

(c) An dóigh leat go mba thaitneamhach an áit é an *domus* le maireachtáil ann? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) (a) I **bhFótagraf F** ar **Pháipéar X** cad tá á choinneáil ag an bhfear ina lámha? (15)

(b) Cén uair a bheadh na hearraí sin le feiceáil go poiblí? (15)

(c) Cad tá Rómhánach de réir cineáil faoin dealbh seo? (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** an taobh istigh den Phaintéón sa Róimh.

(a) Cén t-impire Rómhánach a thóg an Paintéón? (10)

(b) Cérbh iad na déithe a raibh sé tiomnaithe dóibh? (10)

(c) Déan cur síos iomlán ar an taobh istigh mar atá léirithe i **bhFótagraf G** ar **Pháipéar X**. (30)

(iv) (a) Ainmnigh an dá phríomhcharachtar atá léirithe sa mósáic i **bhFótagraf H** on **Pháipéar X**. (10)

(b) Conas a rinneadh na mósáicí? (15)

(c) Conas a d'éirigh leis an ealaíontóir an radharc seo a dhéanamh drámata agus corraitheach? (25)

---

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN